

THE INSTITUTE OF
EDUCATION

Gaeilge

LUKE ROCK

AN ARDTEIST

2021/2022

AN AISTE, AN tSRAITH PICTIÚR, AGUS AN COMHRÁ GINEARÁLTA



ÁBHAIR

1. Ceapadóireacht
 - a. Aiste Shamplach: *An córas oideachais dara leibhéal*
 - b. Eochairfhocail
2. An tSraith Pictiúr: *Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead*
3. An Fáiltiú
4. An Comhrá Ginearálta
 - a. Mé Féin
 - b. Caithimh Aimsire



CEAPADÓIREACHT

Páipéar 1 - Cuid II: Ceapadóireacht (100 marc)

- Trí cheist: freagair ceist amháin.
- Tá trí chineál ceiste agus beidh roghanna i ngach cuid.
- Moltar fad thart ar 500-600 focal ar an bpáipéar scrúdaithe.

Aiste nó Alt Nuachtáin / Irise

NÓ

Scéal

NÓ

Díospóireacht / Óráid

- ✓ Is é an rud is tábhachtaí sa cheist seo ná **gramadach** agus **cumas Gaeilge**.
- ✓ Scríobhfaidh tú píosa a bhaineann le réimse ar leith agus bronntar formhór na marcanna de réir caighdeán Gaeilge: **an ghramadach, saibhreas teanga, foclóir oiriúnach srl.**
- ✓ Is í bunchloch na ceiste seo ná an cineál ceapadóireachta a roghnaíonn tú, i.e.
 - **Má roghnaíonn tú aiste, scríobh aiste; má roghnaíonn tú díospóireacht, scríobh díospóireacht!**

An Scéim Marcála

- Stíl Chuí Scríbhneoireachta 5 marc
- Ionramháil Ábhair: 15 marc
- Cumas Gaeilge 80 marc

Sliocht ón Scéim Marcála

3 chéim sa mharcáil: Cé go bhfuil trí roinn (Stíl, Ionramháil Ábhair agus Cumas Gaeilge) i gceist, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra mar aonad.

<i>An Measúnú</i>	<i>An iarracht a mheas mar aonad - Cad is fiú an iarracht cheapadóireachta ó thaobh catagóire de?</i>
<i>An Aicme sa chatagóir</i>	<i>Socraigh an aicme cheart sa chatagóir: ard / meánach / íseal</i>
<i>An Marc</i>	<i>Roghnaigh an marc cuí a fhreagraíonn don aicme sin.</i>



2017 Páipéar 1

CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de **A, B nó C** anseo thíos.

Nóta: Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.

A – AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE – 100 marc

Scríobh AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

- (a) An córas oideachais dara leibhéal in Éirinn.
- (b) Scannail sa spórt.
- (c) Is sochaí chothrom í sochaí na hÉireann sa bhliain 2017.
- (d) Ceannairí polaitiúla sa lá atá inniu ann.
- (e) An foréigean timpeall an domhain.

B – SCÉAL – 100 marc

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

- (a) Uaigneas.
- (b) An rud is annamh is iontach.

C – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – 100 marc

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

- (a) Scríobh *an chaint* a dhéanfaí i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

Déanfaidh Breatimeacht (Brexit) maitheas do thír na hÉireann.

- (b) Déantar plé go minic sna meáin ar chúrsaí tithíochta in Éirinn sa lá atá inniu ann. Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo:

Fadhb na tithíochta in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfaí ar an ábhar sin.



<i>I think:</i>		Sampla
Sílim	+ go / gur / nach / nár	Sílim go bhfuil...
Ceapaim		Ceapaim nach raibh...
Is dóigh liom		Is dóigh liom gur oibrigh...
Is í mo thuairim féin		Is í mo thuairim féin nár éirigh...
I mo thuairim féin	+ gnáthbhriathar	I mo thuairim féin, táimid ...
Dar liom,		Dar liom, is bean iontach í...

<i>It is clear:</i>		Sampla
Is léir	+ go / gur / nach / nár	Is léir go bhfuil...
Is ríléir		Is ríléir nach bhfuil...
Is léir don dall		Is léir don dall nach n-aontaíonn...
Tá sé soiléir		Tá sé soiléir gur ith...
Tá sé breá soiléir		Tá sé breá soiléir nár éist...
Is follas		Is follas gur oscail...
Is éasca a fheiceáil...		Is éasca a fheiceáil nár bhain...
Is furasta a fheiceáil...		Is furasta a fheiceáil gur bhuaigh...

<i>It seems:</i>		Sampla
Is dócha	+ go / gur / nach / nár	Is dócha go dtuigeann...
Is cosúil		Is cosúil nár léigh...
De réir cosúlachta	+ gnáthbhriathar	De réir cosúlachta, tá sé...
De réir dealraimh		De réir dealraimh, is duine...



It is a fact:		Sampla
Is fíric é	+ go / gur / nach / nár	Is fíric é go bhfuil...
Ní féidir a shéanadh		Ní féidir a shéanadh nach bhfuil...
Níl aon amhras ach		Níl aon amhras ach gur oscail...
Is éasca a fheiceáil...		Is éasca a fheiceáil nár bhain...
Is furasta a fheiceáil...		Is furasta a fheiceáil gur bhuaigh...
Is cinnte...		Is cinnte nach bhfaigheann...
Is cinnte glan...		Is cinnte glan go mbeidh...

Foclóir Ginearálta don Aiste / Díospóireacht	
Buntáiste / buntáistí	<i>Advantage(s)</i>
Míbhuntáistí / míbhuntáistí	<i>Disadvantage(s)</i>
Tionchar	<i>Influence</i>
Níos tábhachtaí	<i>More important</i>
Is tábhachtaí	<i>Most important</i>
Forleathan	<i>Widespread</i>
D'fhéadfaí a rá	<i>One could say</i>
An chloch is mó ar do/mo phaidrín	<i>The biggest stone on your/my Rosary</i>
Ní nach ionadh	<i>No wonder</i>
Táthar ag tuar...	<i>It is predicted</i>
Ba chóir go...	<i>It should...</i>
I ndáiríre	<i>In reality</i>
Maidir le	<i>Regarding</i>
I dtaobh / ó thaobh (+ TUISEAL GINIDEACH)	
Chun an fhírinne a rá	<i>To tell the truth</i>



An domhan agus a mháthair	<i>The world and its mother</i>
Idir óg agus aosta	<i>Both young and old</i>
i mbéal an phobail	<i>In the public forum</i>
Caithfear a admháil	<i>One must admit</i>
Feictear domsa	<i>It appears to me</i>
Pléite go forleathan	<i>Widely discussed</i>
Fadhbanna casta na linne seo	<i>Complex problems of this generation</i>
Príomhfhadhb na linne seo	<i>The main problem of this generation</i>
Athrú chun maitheasa	<i>A change for the better</i>
Athrú chun donais	<i>A change for the worse</i>
Le blianta beaga anuas	<i>In recent years</i>
La fada an lá	<i>For ages</i>
Le déanaí	<i>Recently</i>
Ach an oiread	<i>Either</i>
Is iomaí _____ (+ singular)	<i>There are many _____</i>
Gan aon amhras	<i>Without any doubt</i>
Gan aon agó	
Ar ndóigh	<i>Certainly</i>
Faoi láthair	<i>Presently</i>
Ó am go ham	<i>From time to time</i>
Le cúnamh Dé	<i>With God's help (hopefully)</i>
Is annamh a...	<i>It's rare that...</i>
Ar an intinn chéanna	<i>On the same wavelength</i>
An dá thrá a fhreastal	<i>Kill two birds with one stone</i>



Frásaí don Aiste / Díospóireacht	
Ní féidir a shéanadh go bhfuil _____ seo an-tábhachtach go deo.	<i>You cannot deny that _____ is/are extremely important</i>
Is léir don dall tábhacht _____.	<i>The importance of _____ (+ TUISEAL GINIDEACH) is clear to all (to the blind)</i>
Is minic a phléitear tábhacht _____ i mbéal an phobail.	<i>The importance of _____ (+ TUISEAL GINIDEACH) is often discussed in the public forum</i>
Is furasta a fheiceáil, idir óg agus aosta, go bhfuil _____ tábhachtach i ngach cuid den saol.	<i>It is easy to see, both old and young, that _____ is/are important in every aspect of life</i>
Tá go leor buntáistí ag baint le _____.	<i>There are a lot of advantages regarding _____.</i>
Cé go bhfuil go leor míbhuntáistí ag baint le _____, tá buntáistí acu freisin.	<i>Although _____ have a lot of disadvantages, they also have advantages.</i>
Is iad na rudaí is fearr faoi _____ ná...	<i>The best things about _____ are....</i>
Más ag plé na mbuntáistí atáthar...	<i>If one is discussing the advantages...</i>
Más é _____ an chloch is mó ar do phaidrín	<i>If _____ is the biggest stone on your rosary.</i>
Ach, ar an lámh eile, baineann go leor rudaí diúltacha leo / leis / léi...	<i>But, on the other hand, a lot of negative things relate to them / it...</i>
Ach, tá míbhuntáistí ag _____ freisin.	<i>But, _____ has disadvantages too...</i>
Ach, tá dhá thaobh ag gach scéal...	<i>But, every story has two sides...</i>
Ní lia duine ná tuairim	<i>It's a matter of opinion</i>
Nochtann na fíricí an scéal	<i>The facts tell the story</i>
Mar is eol do chách	<i>As everyone knows</i>
Is ceist chonspóideach/achrannach í seo	<i>It is a controversial question</i>
Tá sé de dhualgas orainne, dul i ngleic leis an bhfadhb seo	<i>It is our responsibility to deal with this problem</i>
Níl _____ thar mholadh beirte	<i>_____ is not great</i>



Tá a fhios ag gach máthar	<i>Everyone knows</i>
Tá an t-ábhar seo go mór chun tosaigh i mbéal an phobail	<i>This topic is to the forefront in the public forum</i>
Is mar gheall air seo díreach glan...	<i>It is directly because of this...</i>

Frásaí Nascacha	
Chomh maith leis seo,	<i>As well as this / furthermore,</i>
In éineacht leis seo,	
Anuas air seo,	
Ina theannta seo,	
Ar a bharr seo,	
Thairis seo	
Dá bharr seo,	<i>Because of this</i>
Mar gheall air seo,	
Ach,	<i>But,</i>
Ar an lámh eile,	<i>On the other hand</i>
Os a choinne sin,	
Ar thaobh eile an scéil,	
I dtosach báire Ar dtús Ar an gcéad dul síos	<i>Firstly,</i>
Ar an dara dul síos	<i>Secondly,</i>
Ar an tríú dul síos	<i>Thirdly,</i>
Ar an gceathrú dul síos	<i>Fourthly,</i>
I ndeireadh na dála	<i>Finally</i>
Ag deireadh an lae	<i>At the end of the day</i>



Mar fhocal scoir	<i>In conclusion</i>
Mar bhuille scoir	
Faoi dheireadh	<i>Lastly</i>
Ar deireadh	
Tríd is tríd	<i>Through and through</i>
Is oth liom a rá	<i>I regret to say</i>
Áfach	<i>However</i>
Faraor	<i>Unfortunately</i>

Chun samplaí a thabhairt	
Cuir i gcás,	<i>For example</i>
Mar shampla,	
Ar nós,	<i>Like</i>
Cosúil le,	
Abraimis	<i>For instance</i>

Leagan amach na haiste

Réamhrá: tagairt do na pointí a phléifear san aiste

Alt 1: Pointe 1

Alt 2: Pointe 2

Alt 3: Pointe 3

Alt 4: Pointe 4

Conclúid: achoimre ar na pointí a phlé tú san aiste



AISTE SHAMPLACH – Aiste (A)

Scríobh AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

(a) An córas oideachais dara leibhéal in Éirinn

Réamhrá

Is ábhar é **an córas oideachais** atá **go mór chun tosaigh in Éirinn** i láthair na huaire **toisc na n-athruithe a tháinig ar chúrsa na Sraithe Sóisearaí** le déanaí. Anuas ar athruithe a tharla sa chúrsa sóisearach, tá **na hathruithe atáthar ag moladh don Ardteist i mbéal an phobail** le grúpaí éagsúla **ag easaontú** maidir leis na moltaí agus na hathruithe a bhaineann leo. Tá **córas na bpointí**, rud a bhfuil **tuairim láidir** ag **formhór an phobail** faoi, á phlé le fada an lá fosta. Mar gheall ar thorthaí tuartha agus **na constaicí** a chuir an phaindéim ar **chur i bhfeidhm na hardteiste**, tá an t-ábhar seo **níos conspóidí** agus **níos casta** ná mar a bhí riamh.

Alt 1

Bhí **na hathruithe i gcúrsa na sraithe sóisearaí** ar cheann de na **príomhábhair phlé** sa nuacht nuair a **cuireadh i bhfeidhm iad** mar gheall ar na **tuairimí láidre éagsúla** a bhí ag daoine a bhfuil baint acu leis an oideachas, anuas ar dhaoine nach raibh aon bhaint acu leis an gcóras oideachais. Ceann de na príomhathruithe sa chóras ná **go scarfaí daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge** (dream ar tugadh daltaí T1 orthu) ó **dhaltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla** (daltaí T2). Dar leis na daoine a bhí **in aghaidh na n-athruithe**, **b'athrú iomarcach** é agus dúradh gur **athrú chun donais** a bhí ann agus go ndéanfar **dochar** don Ghaeilge mar gheall ar an **athrú amaideach** seo. Chomh maith leis seo, chuaigh an **méid litríochta** a bhí le déanamh ag daltaí, **dream a raibh mé féin páirteach leo**, **i méid** le húrscéal agus dráma iomlán le déanamh anuas ar scéalta, dánta agus amhráin. Agus **murar leor é sin**, tar éis na míonna fada a chaitheamh i mbun anailíse ar théacs ar leith, bheadh an baol ann nach mbeadh an téacs ar an bpáipéar. Dar leis na daoine a bhí ag troid in aghaidh na n-athruithe, bheadh **ní ba mhó brú ar dhaltaí i nGaelscoileanna**, dream a bhfuil brú orthu cheana féin mar tá orthu a **scrúduithe stáit** go léir a dhéanamh **trí mheán na Gaeilge**. Cuireadh **béim** ar an **éagóir** seo sna **ceannlínte** agus **dúradh** gur mór an náire é mar bhí daltaí Gaelscoile agus daltaí ón nGaeltacht **ag cailleadh an bhuntáiste** a bhí acu. Ar an lámh eile, tá an dream a deir nár cheart go mbeadh an buntáiste seo ag daltaí Gaelscoile sa chéad áit. **Cuireadh an cheist seo chun cinn** sa nuacht le déanaí nuair a **tháinig chun solais go bhfuiltear ag moladh athruithe cosúla** do Ghaeilge na hArdteiste. Mar gheall ar an gcóras **atáthar ag moladh le**



hidirdhealú idir daltaí T1 agus daltaí T2, tá tuistí ó Chonamara ag rá go seolfaidh siad a páistí go scoileanna lán-Béarla, rud a dhéanadh dochar do thodhchaí na Gaeilge gan aon agó.

Alt 2

Ní raibh tionchar na paidéime ní ba shoiléire in aon chuid den sochaí, seachas an córas sláinte agus tionscal na turasóireachta, ná an córas oideachais dara leibhéal. Chonacthas athruithe chun donais agus athruithe chun maitheasa maidir le cianfhoghlaim agus chuir eagraíochtaí éagsúla tuairimí in iúl i dtaobh thionchar na n-athruithe seo. Ar láimh amháin, thug an cianfhoghlaim deis do dhaltaí faoi mhíchumas agus daltaí a bhfuil cónaí orthu fada ón scoil teacht ar ranganna go héasca agus bheith ar a suaimhneas ag obair ón teach. Murach an teicneolaíocht agus acmhainní digiteacha, ní bheadh daltaí dara leibhéal in ann obair scoile a dhéanamh, teagmháil a dhéanamh lena múinteoirí, nó cabhrú lena chéile. Ach, ní insíonn sé seo an scéal iomlán. Dar leis na saineolaithe, ní fhoghlaimíonn daltaí i gceart ón gcianfhoghlaim agus is minice a theipeann orthu díriú ar an rang más ag breathnú ar scáileán atá siad. Chomh maith leis seo, is léir an dochar a dhéanann sé do mheabhairshláinte agus féinmhuinín an duine nuair nach bhfuil deis ag daltaí labhairt lena gcairde nó dul amach ag imirt spóirt. Is follas nach raibh an locht ar an gcóras oideachais dara leibhéal maidir leis an bhfadhb seo, ach le linn na paidéime mar gheall ar na srianta éagsúla, níor éirigh le scoileanna corpoideachas, ranganna spráúla praiticiúla nó ranganna féinfhorbartha a chur ar siúl agus is cinnte go ndearna sé seo dochar d'fholláine na ndaltaí.

Alt 3

Tá córas na bpointí á phlé agus á cháineadh ag an bpobal le fada an lá. Fiú, roimh ré na dtorthaí tuartha, dúradh gur córas míchothrom atá ann a chúitíonn foghlaim de ghlanmheabhair in ionad ag spreagadh scileanna foghlama, taighde agus machnaimh. Deirtear gur tábhachtaí na scileanna seo sa saol mór, ná eolas neamhthábhachtach a chur de ghlanmheabhair. Mar gheall ar an gcóras atá i bhfeidhm, níl sé de rogha ag múinteoirí gan uaireanta fada a chaitheamh ag breathnú ar na téacsleabhair, ag déanamh iarpháipéir scrúdaithe agus ag tabhairt píosaí móra obair bhaile dá gcuid daltaí. Mar gheall air seo, bíonn torthaí ar an gcloch is mó ar phaidrín na múinteoirí níos minice ná a mhalairt agus ní thugtar an deis dóibh díriú ar ábhair spéisiúla a spreagadh spéis na ndaltaí nó grá don ábhar. Anuas air seo, sa chóras seo ina bhfuil na trí uimhir a fheictear ar an scáileán i lár mhí Lúnasa níos tábhachtaí ná aon ní eile, cuirtear easpa béime ar an bhforbairt phearsanta agus an iomarca béime ar fhoghlaim de ghlanmheabhair. Is léir, fiú, go dteipeann ar an gcóras seo go minic nuair a fhaigheann beirt daltaí na pointí céanna agus téitear i muinín roghnú fánach. Caithfear an



cheist a chur mar seo, ar cheart dúinn **ár gcóras seanchaite** a athrú, nó an bhfuil sé níos tábhachtaí dúinn go mbeidh méid ollmhór **fíricí bitheolaíochta** agus **sleachta filíochta ar theanga na ndaltaí**.

Alt 4

Cuireadh teip an chórais chun cinn arís ag **tús ré an choróinvíris**. Léirigh **an easpa sonraí oifigiúla a bhí ag an stát** faoi **dhul chun cinn na ndaltaí laigí an chórais** nuair a **chuathas i muinín na dtorthaí tuartha** dón chéad uair in 2020. Le **cealladh na scrúduithe stáit toisc shrianta an víris**, rinne an rialtas iarracht **measúnú** a dhéanamh ar **dhaltaí an tséú bliain in éagmais scrúdú deiridh**. Léiríodh gur bheag **eolas cothrom cruinn** a bhí ag an stát **i dtaobh chaighdeán na ndaltaí** agus, dá réir, **iarradh** ar mhúinteoirí ‘buille faoi thuairim’ a thabhairt faoin ngrád a bhí **tuillte** ag an dalta bunaithe ar a gcuid torthaí i scrúduithe ranga agus measúnú leanúnach. Ba léir, áfach, go ndeachaigh **claontaí na múinteoirí** agus b’fhéidir fiú a gcuid mothúchán **i bhfeidhm** ar na torthaí a thug siad mar tharla **boilsciú gráid** uafásach, rud a rinne **éagóir** do na daltaí a thug faoin scrúdú an bhliain roimhe sin. Is cinnte go raibh an **locht** ar an gcóras oideachais seachas na múinteoirí toisc **nár bailíodh aon sonraí** faoi chaighdeán na ndaltaí go foirmeálta a bheidís in ann a úsáid chun **torthaí tuartha cruinne** a thabhairt. An bhliain ina dhiaidh sin, rinne **coimisiún na scrúduithe stáit** agus an rialtas iarracht **an dá thrá a fhreastal** tríd an deis a thabhairt do dhaltaí scrúdú a dhéanamh, **toradh tuartha** a fháil, nó an dá cheann a fháil. Ina ainneoin seo, **mhair an fhadhb** agus **d’ardaigh meántorthaí** go mór. In áiteanna, **léiríodh gur athrú chun donais** iad na hathruithe a rinneadh ar thorthaí daltaí leis an gcoimisiún **ag baint marcanna** ó dhaltaí. **Dúradh fosta go ndearnadh é seo** gan aon chiall, le daltaí randamacha **ag cailleadh pointí tábhachtacha** mar gheall ar **roghanna gan bhunús**.

Conclúid

Tá **tuairimí éagsúla ag an uile dhuine** maidir leis an gcóras oideachais. **Spreagadh** plé le déanaí mar gheall ar **thionchar na dtorthaí tuartha**, athruithe san Ardteist agus sa tSraith Shóisearach, **teip chóras na bpointí agus tionchar na paidéime** ar scoileanna. Is léir nach bhfuil gach éinne **ar an intinn chéanna i dtaobh an chórais** agus **go mbeadh sé deacair beirt a aimsiú a roinneann an tuairim chéanna faoi chuile chuid den chóras oideachais dara leibhéal**. Is léir don dall nach bhfuil an córas atá againn gan locht, **rud ar chuir cealladh na scrúduithe stáit solas air**, agus go bhfuil athrú ag teastáil ar bhealach éigin sa todhchaí. Ina ainneoin seo, caithfear **castacht an ábhair seo a chur san áireamh** le tuiscint go **mbíonn rogha an dá dhíogha ag an té a dhéanann iarracht é a athrú...**



EOCHAIRFHOCAIL

Eochairfhocail	Aistriúchán
An tSraith Shóisearach	The Junior Cycle
An Ardteist	The Leaving Certificate
_____ na Sraithe Sóisearaí	OF the Junior Cycle = TUISEAL GINIDEACH
_____ na hArdteiste	OF the Leaving Certificate = TUISEAL GINIDEACH
Cúrsa na Sraithe Sóisearaí	The Junior Cycle Course
Cúrsa na hArdteiste	The Leaving Certificate Course
Córas na bpointí	The points system
Torthaí tuartha / toradh tuartha	Predicted grades / predicted grade
Cianfhoghlaim	Remote learning
An córas oideachais	The education system
Toisc na n-athruithe	Because of the changes
Na hathruithe atáthar ag moladh don Ardteist	The changes they are advising for the Leaving Certificate
Ag easaontú	Disagreeing
Tuairim láidir	Strong opinion
Cur i bhfeidhm na hArdteiste	Implementation of the Leaving Cert
Go scarfaí daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge...	That students who attend Irish-speaking schools would be divided...
In aghaidh na n-athruithe	Against the changes
Athrú chun donais	Change for the worse
Méid litríochta	Amount of literature
Ní ba mhó brú ar dhaltaí i nGael scoileanna	More pressure on students in Irish-speaking schools
Scrúduithe stáit	State examinations
Ceannlínte	Headlines
Dúradh	It was said
Go bhfuiltear ag moladh athruithe cosúla	That similar changes are being proposed
Idirdhealú idir daltaí T1 agus T2	Distinction between L1 and L2 students
Rud a dhéanfadh dochar do thodhchaí na Gaeilge	Something that would damage the future of Irish
Cuireadh teip an chórais chun cinn	The failings of the system were highlighted
Ré na dtorthaí tuartha	Age of predicted grades
Córas míchothrom	Unfair system
Foghlaim de ghlanmheabhair	Rote learning
Scileanna foghlama, taighde agus machnaimh	Learning, research and reflective skills
Eolas neamhthábhachtach	Unimportant information
A chur de ghlanmheabhair	To rote learn



Níl sé de rogha ag múinteoirí	Teachers do not have the choice
Iarpháipéir scrúdaithe	Past papers
Téacsleabhair	Textbooks
An chloch is mó ar phaidrín na múinteoirí	The biggest stone on teachers' Rosary (the most important thing to teachers)
Ábhair spéisiúla	Interesting subjects
Spéis na ndaltaí	Interest of the students
Ar an scáileán	On the screen
Easpa béime ar an bhforbairt phearsanta	Lack of emphasis on personal response
Beirt daltaí	Two students
Téitear i muinín roghnú fánach	Random selection is utilised
Ár gcóras seanchaite	Our outdated system
Fíricí bitheolaíochta	Biology facts
Sleachta filíochta	Poetry quotes
Ar theanga na ndaltaí	In the students' repertoire
An easpa sonraí oifigiúil	The lack of official data
Cur chun cinn na ndaltaí	Progress of the students
Laigí an chórais	Weaknesses of the system
Cealladh na scrúduithe stáit	Cancelling of the state exams
Toisc shrianta an víris	Because of the restrictions of the virus
Measúnú	Assessment
Daltaí an tséú bliain	Sixth-year students
In éagmais scrúdú deiridh	In the absence of a final exam
An t-eolas cothrom cruinn	Fair precise information
i dtaobh chaighdeán na ndaltaí	Regarding the standard of students
Tuillte	Deserved
Boilsciú gráid	Grade inflation
Nár bailíodh	That was not collected
Coimisiún na scrúduithe stáit	The State Examinations Commission
An dá thrá a fhreastal	Kill two birds with one stone
Roghanna gan bhunús	Decisions with no basis
Ag an uile dhuine	Everyone has
Teip chóras na bpointí	Failings of the points system
Ar an intinn chéanna	On the same wavelength
Castacht an ábhair seo	Complexity of the subject
Rogha an dá dhíogha	Stuck between a rock and a hard place



AN tSRAITH PICTIÚR

Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead



An Scéal

Deireadh na bliana acadúla a bhí ann agus bhí Eoin agus Aoife **os comhair an ríomhaire in oifig a n-athar**. Bhí **an bheirt acu** tuirseach traochta i ndiaidh na scrúduithe a chríochnú agus chuaigh siad ar an suíomh gréasáin ‘Ticket Master’ **ag iarraidh ceolchoirme** nó oíche cheoil ar bith. Chonaic siad go raibh ceolchoirm ar siúl san Aviva **le linn an tsamhraidh** agus **go mbeadh an banna Éireannach Picture This ag casadh amhrán** óna n-albam is deireanaí. Dúirt Eoin gur bhanna iontach a bhí ann agus **go mbeidís in ann cárta a n-athar** a úsáid chun **na ticéid** a cheannach. D’fhreagair Aoife go raibh an cárta **ar an matal** agus go raibh **uimhir an chárta** ar eolas aici.

Nuair a **d’aimsigh** siad an cárta, d’úsáid siad é chun **an dá thicéad a chur in áirithe**. Ba é **céad euro** an **praghas** iomlán, toisc **gur chaoga euro in aghaidh an ticéid** a bhí i gceist. Líon siad a **seoladh baile, seoladh ríomphoist** agus **uimhreacha an chárta creidmheasa** agus **bhrúigh siad an cnaipe ‘clic le hóc’ sula bhfaca** a n-athair céard a bhí á **dhéanamh** acu. D’fhág siad an cárta ar ais **san áit ar aimsigh siad é** agus dhún siad an **leathanach gréasáin ionas nach bhfeicfeadh** a dtuistí **an peaca marfach** a rinne siad.

Dhá mhí ina dhiaidh sin, d’inis siad **bréag** dá dtuistí faoin **áit a raibh siad** ag dul agus thóg siad tacsáí **chun na cathrach**. Bhí an áit **ag cur thar maoil** toisc go raibh **sé díolta amach**. Bhí chuile dhuine **ag luascadh a lámh** san aer agus bhí **an-atmaisféar go deo** sa staid. Bhí **suíocháin iontacha** acu go díreach **os comhair an stáitse** le **radharc den chéad scoth** den bhanna. Chas an banna **deich n-amhrán sular imigh siad as radharc** ach lean an slua **ag screadach** go dtí gur tháinig siad ar ais **ar son an amhráin dheireanaigh**. Ag **deireadh na hoíche**, shiúil an slua go mall as an staid agus thóg **an bheirt dhána** tacsáí abhaile.

Coicís ina dhiaidh sin, fuair a n-athair **bille na míosa** sa phost. D’fhéach sé ar **liosta na gcostas** agus **d’aithnigh sé na costais uisce, aibhléise agus teasa**. Ach, ag **deireadh an leathanaigh** chonaic sé na focail ‘Ticket Master’ le ‘céad euro’ scríofa in aice leis. Tháinig **racht feirge** air agus ghlaoigh sé ar Aoife, Eoin agus a bhean chéile chun míniú a fháil.

D’fhiafraigh sé den bheirt an raibh aon mhíniú acu? Dúirt Aoife gur cheap sí go mbeadh cead acu **dá n-aisíocfaidís é**. Dúirt Eoin gur cheap sé **go mbeadh sé in ann** an t-airgead a chur ar ais **sa**



chuntas sula bhfeicfeadh a athair é agus an dallamullóg a chur air. Ba léir go raibh se **ródhéanach.** Bhí a máthair ní **b'fheargaí** ná a n-athair toisc gur **chreid sí iontu.**

Mar phionós, bhí orthu glantachán tí a dhéanamh don chuid eile den bhliain agus ní bhfuair siad **airgead póca** go dtí an Nollaig. Chaith siad **chuile dheireadh seachtaine ag glanadh an tí ó bhun go barr, ag folúsghlanadh, ag glanadh na bhfuinneog agus ag cur snas ar earraí an tí. Stán** na tuistí go feargach orthu **le cinntiú** go ndearna siad an obair i gceart agus ba léir go raibh a gceacht foghlamtha acu agus **nach dtarlódh a leithéid** arís.

Ceisteanna a chuirfidh tú

- Cén costas a bhí ar na ticéid?
- Cá raibh an cheolchoirm ar siúl?
- Cad a bhí á dhéanamh ag Aoife sa phictiúr deireanach?

Ceisteanna Samplacha ón Scrúdaitheoir

- Cad a bhí ar an scáileán ag tús na sraithe?
Bhí an suíomh gréasáin Ticket Master ar an scáileán le heolas faoi cheolchoirm a bhí ar siúl sa staid Aviva cúpla mí ina dhiaidh sin.
- Cad a dúirt Eoin le hAoife sa chéad phictiúr?
Dúirt Eoin gur bhanna iontach a bhí ann agus go rachaidís mar bheidís in ann cárta a n-athar a úsáid chun na ticéid a cheannach.
- Cén costas a bhí ar thicéad amháin?
*Ba é **caoga** euro an costas a bhí ar **thicéad amháin.***
- Cén costas a bhí ar dhá thicéad?
*Ba é **céad** euro an costas a bhí ar **dhá thicéad.***
- Cá raibh an cárta creidmheasa?
Bhí an cárta creidmheasa ar an matal.



- An raibh uimhir an chárta ar eolas ag _____ (Aoife / Eoin / ag an mbeirt)?
Ní raibh uimhir an chárta ar eolas ag Eoin, bhí uimhir an chárta ar eolas ag Aoife.
- Cad a d'úsáid siad chun na ticéid a cheannach?
D'úsáid siad cárta creidmheasa a n-athar chun na ticéid a cheannach.
- Cá raibh an cheolchoirm ar siúl?
Bhí an cheolchoirm ar siúl sa staid Aviva.
- Cén banna a bhí ag seinm?
Bhí an banna 'Picture This' ag seinm.
- Cá raibh Aoife agus Eoin suite sa staid?
Bhí Aoife agus Eoin i lár na staid, go díreach os comhair an stáitse.
- Cad a cheap a n-athair nuair a bhreathnaigh sé ar bhille na míosa?
Bhí mearbhall ar a n-athair nuair a bhreathnaigh sé ar bhille na míosa mar níor aithnigh sé costas amháin a bhí ar an mbille ón suíomh gréasáin 'Ticket Master'.
- Cad iad na costais eile a bhí ar an mbille?
*Bhí na **costais uisce, aibhléise agus teasa** ar an mbille chomh maith leis an tsiopadóireacht sheachtainiúil agus cúpla rud a cheannaigh sé sa siopa éadaí.*
- Cad a d'fhiafraigh daid den bheirt?
D'fhiafraigh daid dóibh aon raibh aon mhíniú acu?
- An raibh fearg ar a máthair?
Bhí fearg ar a máthair gan aon dabht.
- Cad a dúirt Eoin lena athair nuair a chuir a athair ceist air faoin mbille?
Dúirt Eoin gur cheap sé go mbeadh sé in ann an t-airgead a aisíoc sula bhfeicfeadh a athair é.



- Cad a dúirt Aoife lena hathair nuair a chuir a hathair ceist uirthi faoin mbille?
Dúirt Aoife go raibh brón uirthi agus gur cheap sí go mbeadh cead acu.
- Cén pionós a fuair an bheirt?
Bhí orthu an teach a ghlanadh ó bhun go barr mar phionós.
- Cad a bhí á dhéanamh ag Aoife sa phictiúr deireanach?
Bhí Aoife ag folúsghlanadh sa phictiúr deireanach.
- Cad a bhí á dhéanamh ag Eoin sa phictiúr deireanach?
Bhí Eoin ag glanadh na bhfuinneog / ag cur snas ar na fuinneoga.

Foclóir Tábhachtach

<i>Deireadh na bliana acadúla</i>	End of the academic year	<i>Os comhair an ríomhaire</i>	In front of the computer
<i>Oifig a n-athar</i>	Their dad's office	<i>An bheirt acu</i>	The two of them
<i>Ag iarraidh ceolchoirme</i>	Looking for a concert	<i>Le linn an tsamhraidh</i>	During the summer
<i>Go mbeadh an banna Éireannach</i>	That the Irish band would be	<i>Ag casadh amhrán</i>	Playing songs
<i>Albam is deireanaí</i>	Latest album	<i>Go mbeidís in ann cárta a n-athar a úsáid</i>	That they would be able to use their dad's card
<i>Na ticéid</i>	The tickets	<i>Uimhir an chárta</i>	The number of the card
<i>D'aimsigh siad</i>	They found	<i>An dá thicéad a chur in áirithe</i>	To book the two tickets
<i>Seoladh baile</i>	Address	<i>Uimhreacha an chárta creidmheasa</i>	Numbers of the credit card
<i>Bhrúigh siad an cnaipe</i>	They pushed the button	<i>Sula bhfaca a n-athair</i>	Before their dad saw
<i>Céard a bhí á dhéanamh acu</i>	What they were up to	<i>San áit ar aimsigh siad é</i>	In the place they found it
<i>Leathanach gréasáin</i>	Website	<i>Ionas nach bhfeicfeadh a dtuistí</i>	So their parents wouldn't see
<i>An peaca marfach</i>	The deadly sin	<i>Dhá mhí ina dhiaidh sin</i>	Two months after that
<i>Bréag</i>	Lie	<i>Áit a raibh siad ag dul</i>	Where they were going
<i>Chun na cathrach</i>	To the city	<i>Ag cur thar maoil</i>	Overflowing
<i>Díolta amach</i>	Sold out	<i>Ag luascadh a lámh</i>	Waving their hands
<i>An-atmaisféar go deo</i>	A great atmosphere	<i>Suíocháin iontacha</i>	Brilliant seats
<i>Os comhair an stáitse</i>	In front of the stage	<i>Radharc den chéad scoth</i>	A fantastic view



<i>Deich n-amhrán</i>	10 songs	<i>Sular imigh siad as radharc</i>	Before they went out of sight
<i>Lean an slua ag screadach</i>	The crowd kept screaming	<i>Ar son an amhráin dheireanaigh</i>	For the last song
<i>Ag deireadh na hoíche</i>	At the end of the night	<i>An bheirt dhána</i>	The bold two
<i>Coicís ina dhiaidh sin</i>	A week after that	<i>Bille na míosa</i>	The bill of the month
<i>Liosta na gcostas</i>	List of the expenses	<i>D'aithnigh sé</i>	He recognised
<i>Na costais uisce, aibhléise agus teasa</i>	The water, electric and heating costs	<i>Deireadh an leathanaigh</i>	End of the page
<i>Racht feirge</i>	Fit of rage	<i>D'fhiafraigh sé den bheirt</i>	He asked the two
<i>Aon mhíniú</i>	Any explanation	<i>Dá n-aisíocfaidís é</i>	If they paid it back
<i>Go mbeadh sé in ann</i>	That he would be able to	<i>Sa chuntas</i>	In the account
<i>Sula bhfeicfeadh sé</i>	Before he saw	<i>Dallamullóg a chur air</i>	Deceive
<i>Ródhéanach</i>	Too late	<i>Ní b'fheargáí</i>	Angrier
<i>Chreid sí iontu</i>	She believed in them	<i>Mar phionós</i>	As a punishment
<i>Bhí orthu</i>	They had to	<i>Glantachán an tí</i>	Cleaning of the house
<i>Airgead póca</i>	Pocket money	<i>Chuile dheireadh seachtaine</i>	Every weekend
<i>Ag glanadh an tí ó bhun go barr</i>	Cleaning the house from top to bottom	<i>Ag folúsghlanadh</i>	Hoovering
<i>Ag glanadh na bhfuinneog</i>	Cleaning the windows	<i>Ag cur snas ar earraí an tí</i>	Polishing thing in the house
<i>Stán</i>	Glared	<i>Nach dtarlódh a leithéid arís</i>	That it would not happen again



AN FÁILTIÚ (5 mharc)

- Cúig ceist
- Marc amháin do gach ceist
- Is féidir leis an scrúdaitheoir na ceisteanna a chur in ord ar bith!

Ceist: *Cad is ainm duit? / Cé hé tusa? / Cén t-ainm atá ortsa?*

- **Freagra:** Is mise _____ nó: _____ is ainm dom.
- **Mar shampla:** Seán Mac Cárthaigh is ainm dom.

Ceist: *Cad í do scrúduimhir? / an uimhir scrúdaithe atá agat?*

- **Freagra:** Is í mo scrúduimhir ná _____.
- **Mar shampla:** Is í mo scrúduimhir ná 181 107.
 - zero = a náid

Ceist: *Cén aois thú?*

Freagra: Táim seacht mbliana déag d'aois.

nó: Táim ocht mbliana déag d'aois.

nó: Táim naoi mbliana déag d'aois.

ACH: Táim sé bliana déag d'aois.

Táim cúig bliana déag d'aois

Táim ceithre bliana déag d'aois

Ceist: *Cad é do sheoladh baile? / Cá bhfuil tú i do chónaí? / Cad as duit?*

Freagra: Táim i mo chónaí i _____.

nó: Tá cónaí orm i _____.

nó: Is as _____ dom.

Mar shampla:

- Táim i mo chónaí i Sord i dTUAISCEART NA CATHRACH.
- Tá cónaí orm i nDomhnach Beathach i dTUAISCEART NA CATHRACH.

NÓ:

- Tá cónaí orm i mBré i nDEISCEART NA CATHRACH.
- Táim i mo chónaí i nDún Droma i nDEISCEART NA CATHRACH.

**Bionn 'urú' i gconaí tar éis 'í'.*



Ceist: Cathain a rugadh tú? / Cathain a bhíonn do bhreithlá? / Cad é do bhreithlá/do dháta breithe?

- **Freagra:** Rugadh mé ar an **(An dáta agus an bhliain)**.
- **Mar shampla:**
 - Rugadh mé ar an tríú lá de mhí Eanáir dhá mhíle is a trí.
 - Rugadh mé ar an gceathrú lá déag de Mhárta dhá mhíle is a ceathair.
 - Rugadh mé ar an aonú lá is fiche de Mheitheamh dhá mhíle is a dó.

An Dáta			An Mhí	An Bhliain
Ar an gcéad lá	Ar an aonú lá déag	Ar an aonú lá is fiche	De mhí Eanáir	Míle naoi gcéad nócha is a naoi
Ar an dara lá	Ar an dara lá déag	Ar an dara lá is fiche	De mhí Feabhra	Dhá mhíle
Ar an tríú lá	Ar an tríú lá déag	Ar an tríú lá is fiche	De Mhárta	Dhá mhíle is a haon
Ar an gceathrú lá	Ar an gceathrú lá déag	Ar an gceathrú lá is fiche	De mhí Aibreáin	Dhá mhíle is a dó
Ar an gcúigiú lá	Ar an gcúigiú lá déag	Ar an gcúigiú lá is fiche	De Bhealtaine	Dhá mhíle is a trí
Ar an séú lá	Ar an séú lá déag	Ar an séú lá is fiche	De Mheitheamh	Dhá mhíle is a ceathair
Ar an seachtú lá	Ar an seachtú lá déag	Ar an seachtú lá is fiche	De mhí Iúil	Dhá mhíle is a cúig
Ar an ochtú lá	Ar an ochtú lá déag	Ar an ochtú lá is fiche	De Lúnasa	Dhá mhíle is a sé
Ar an naoú lá	Ar an naoú lá déag	Ar an naoú lá is fiche	De Mheán Fómhair	Dhá mhíle is a seacht
Ar an deichiú lá	Ar an fichiú lá	Ar an tríochadú lá	De Dheireadh Fómhair	Dhá mhíle is a hocht
		Ar an aonú lá is tríocha	De mhí na Samhna	Dhá mhíle is a naoi
			De mhí na Nollag	Dhá mhíle is a deich



AN COMHRÁ GINEARÁLTA: MÉ FÉIN

- Is mise _____ agus táim _____ déag d'aois.
 - **Mar shampla:** Is mise Seán agus táim seacht mbliana déag d'aois.
 - Rugadh agus tógadh i _____ mé.
 - **Mar shampla:** Rugadh agus tógadh i mBaile Átha Cliath mé.
- NÓ**
- Is as _____ ó dhúchas dom ach táim i mo chónaí i _____. Thángamar anseo nuair a bhí mé...
- Ó thaobh mo thréithe fisiciúla de, mar a fheiceann tú féin
 - Tá gruaig _____, _____ **orm**.

<u>Dath</u>	<u>Cineál/Stíl</u>
Gruaig fhionn	Gruaig fhada
Gruaig dhubh	Gruaig ghearr
Gruaig dhonn	Gruaig dhíreach
Gruaig rua	Gruaig chatach
Gruaig ghlas orm de réir go bhfuil ruaim ghruaige ann	Mhionbhearrtha/le taobhanna mionbhearrtha

***Séimhiú after gruaig**

Mar shampla: Tá gruaig *fhionn ghearr* orm.

- Tá súile _____ **agam**.

Donna	Glasa	Liatha	Dúghorma
Cnódhonna	Gorma	Gléghlasa	Fíorghorma



- Deir mo theaghlach agus mo chairde gur duine _____ , _____ mé agus aontaím leo.

Nó

- *Dar le mo theaghlach, is duine _____ , _____ mé, ach nílim ar an intinn chéanna leo. I mo thuairim féin, is duine _____ , _____ mé.*
→ Táim tógtha le cúrsaí polaitíochta/ spórt srl....

Tréithe Pearsanta:

Cairdiúil	Friendly	Sotalach	Arrogant
Cainteach	Talkative	Umhal	Modest
Cíúin	Quiet	Neamhspleách	Independent
Spórtúil	Sporty	Díothach	Needy
Ceolmhar	Musical	Barrúil/Greannmhar	Funny
Éirimiúil/Cliste	Smart	Ceanndána	Headstrong
Cróga	Brave	Uaillmhianach	Ambitious
Dílis	Loyal	Suarach/Gránna	Mean
Dícheallach/Díograiseach	Hard-working	Teasaí	Fiery
Ildánach	All-rounder	Cineálta	Kind
Bríomhar/Spleodrach	Bubbly	Ceanúil	Loving

- I mo shaor ama, is aoibhinn liom.... → CAITHIMH AIMSIRE

Mar shampla:

- *‘Is dúine spórtúil, ceolmhar mé agus caithim mo shaor ama ag imirt spóirt éagsúla agus ag seinm go leor uirlisí.’*
- *‘Is duine ealaíonta mé agus taitníonn an Béarla go mór liom. Caithim mo chuid ama, nuair nach bhfuilim ag staidéar, **ag tarraingt radharc agus i mbun scríbhneoireachta...**’*

NÓ → Ollscoil

- *‘Is duine dícheallach díograiseach mé agus, chun an fhírinne a rá, caithim mo chuid ama go léir i mbun staidéir agus oibre. Táim ag iarraidh _____ pointe a fháil agus cúrsa leighis a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide tar éis na hArdteiste.’*



NÓ → Teaghlach

‘Is duine cairdiúil, ceolmhar mé, de dhreach agus de dhéanamh mo mháthar agus m’athar.

Seinneann an bheirt acu go leor uirlisí ceoil, mar an gcéanna le mo theaghlach go léir. Tá triúr deartháireacha agam, is iad...’

NÓ → An Ceathrú Bliain

- *‘Is dúine spórtúil, ceolmhar mé agus bhí an t-ádh liom cúpla bliain ó shin nuair a bhí go leor ama agam chun rudaí a thaitníonn liom a dhéanamh nuair a bhí mé **san idirbhliain...**’*

Freagraí Samplacha

*‘Is mise Seán Mac an tSagairt agus táim **seacht mbliana déag** d’aois. Rugadh agus tógadh i mBaile Átha Cliath **i lár na tíre** mé. Tá cónaí orm sna Sceirí **ar imeall Bhaile Átha Cliath, in aice na farraige.** Mar a fheiceann tú féin, tá **gruaig dhubh ghearr** orm agus tá **súile glasa** agam. Deir mo theaghlach gur duine **spórtúil, cainteach agus díograiseach** mé agus aontaím leo. Nuair nach bhfuilim **ag déanamh obair scoile**, caithim mo shaor ama **ag imirt spóirt éagsúla leis na foirne áitiúla** agus foireann mo scoile. → [Caithimh Aimsire]*

*Is í an pheil Ghaelach an spórt is fearr liom agus anuraidh bhí **an t-ádh dearg** orm toisc go bhfuair mé spás **ar fhoireann an chontae.** D’imríomar **in aghaidh na gcontaetha eile** sa sraithchomórtas agus bhuaigh muid **an cluiche ceannais** ag deireadh an tsamhraidh **sular thosaigh** mé an séú bliain. **Cé go dtaitníonn** an pheil go mór liom, **déarfainn** féin go bhfuilim **níos oilte ar chispheil**, toisc go bhfuilim an-ard ar fad. Sula bhfuair mé spás ar fhoireann pheile an chontae, d’imir mé cispheil **ar son na hÉireann** ach bhí orm **éirí as an bhfoireann** chun **dualgas an chontae a chomhlíonadh.** Tá súil agam go bhfaighidh mé an deis sa todhchaí dul ar ais chuig an gcispheil.’*



'Is mise Eibhlín Ní Chearnaigh agus táim **ocht mbliana déag** d'aois. Is as **Iodáil** ó dhúchas dom ach bhog mé **go hÉirinn** nuair a bhí mé sé bliana d'aois toisc gurb as Maigh Eo do m'athair. Ó thaobh **mo thréithe fisiciúla** de, tá **gruaig fhionn fhada** orm agus tá **súile gorma** agam. Dar le mo theaghlach, is duine **ceolmhar ceandána** mé ach ní aontaím leo. Cinnte go bhfuil an ceart acu gur duine ceolmhar mé toisc go bhfuil **an-dúil agam sa cheol** ach **déarfainn** gur duine ciúin mé nuair atá strainséirí timpeall orm. Ach, mar a luaigh mé cheana, aontaím leo gur duine ceolmhar mé agus **caithim mo chuid ama** ag éisteacht le agus ag seinm ceoil. → [Caithimh Aimsire]

Seinnim **seacht n-uirlis** ach, **leis an bhfírinne a rá**, nuair a **iarrtar orm** iad a sheinm, sin scéal eile. **Ní thaitníonn taispeántais liom** ar chor ar bith ach is aoibhinn liom a bheith **i mbun cleachtaidh i m'aonar**. I mbliana, táim ag glacadh páirt i mbanna ceoil na scoile chun m'eagla a chloí. Seinnim **roinnt téaduirlisí mar shampla an veidhlín** agus is é an pianó an uirlis is fearr liom. **Fuair mé** grád a cúig anuraidh agus tá scrúdú agam **an tseachtain roimh an gCáisc i gcomhair ghrád a ceathair sa teoiric**. Má fhaighim é, b'aoibhinn liom **roinnt múinteoireachta** a dhéanamh an samhradh seo, roimh an ollscoil. Cinnte gurb é an ceol **an t-ábhar is fearr liom agus ba mhaith liom é a dhéanamh san ollscoil tar éis an tsamhraidh...** → [Ollscoil]

Mé Féin



CAITHIMH AIMSIRE

- Toisc go mbraitheann do chaithimh aimsire **ortsa féin**, is fearr an chuid seo a chumadh bunaithe ar do chaithimh aimsire féin.
- Sa chuid seo de na nótaí, tá foclóir agus briathra atá tú in ann a úsáid chun do fhreagra féin a chumadh.
 - Seo roinnt briathra úsáideacha le labhairt faoi **na rudaí a dhéanann tú (AIMSIR LÁITHREACH)** go minic.

Briathra Úsáideacha

Déanaim	I do	Caithim	I spend
Léim	I read	Táim / Bím	I am / I (regularly) am
Scríobhaim	I write	Téim	I go
Ithim	I eat	Labhraím	I speak
Ólaim	I drink	Éistim <u>le</u>	I listen
Feicim	I see	Féachaim <u>ar...</u>	I watch
Buailim le	I meet	Tugaim cuairt <u>ar...</u>	I visit
Déanaim staidéar ar	I study	Dúisím	I wake up
Osclaím	I open	Éirím	I get up
Dúnaim	I close	Téim a chodladh / a luí	I go to bed
Deirim	I say	Beirim	I grab
Tagaim	I come	Faighim	I get
Cloisim	I hear	Rithim	I run
Ceannaím	I buy	Aimsím	I find
Bailím	I collect	Siúlaim	I walk
Téim ag _____ (téim ag snámh, ag rith...)	I go _____ (I go swimming, I go running...)	Insím	I tell
Tiomáinim	I drive	Cócarálaim	I cook
Bácálaim	I bake	Cuirim	I put
Imrím	I play	Canaim	I sing



Caithimh Aimsire Chomónta

Peil / Peil Ghaelach	Football (GAA)	Snámh	Swimming
Sacar	Soccer	Seoltóireacht	Sailing
Cispheil	Basketball	Cadhcaíl a dhéanamh	Kayaking
Leadóg	Tennis	Ficheall	Chess
Rugbaí	Rugby	Ag féachaint ar scannáin	Watching movies
Dornálaíocht	Boxing	Ag léamh scéalta / úrscéalta / gearrscéalta / drámaíochta	Reading stories / novels / short stories / drama
Ceol	Music	Drámaíocht	Drama
Ag éisteacht le ceol	Listening to music	Liathróid láimhe	Handball
Ag seinm ceoil	Playing music	Haca	Hockey
Camógaíocht	Camogie	Damhsa	Dancing
Iománaíocht	Hurling	Damhsa Gaelach	Irish Dancing
Ealaín	Art	Ag féachaint ar fhíseáin	Watching videos
Tarraingt	Drawing	Ag féachaint ar an teilifís	Watching TV
Péinteáil	Painting	Ag éisteacht leis an raidió	Listening to the radio
Ag scríobh	Writing	Adhmadóireacht	Woodwork
Badmantan	Badminton	Scuais	Squash
Tumadóireacht	Diving	Marcaíocht	Horse-riding
Póló uisce	Waterpolo	Báicéireacht	Baking
Cócaireacht	Cooking	Rothaíocht	Cycling
Aisteoireacht	Acting	Galf	Golf
Ag cruthú físeán	Making videos	Reathaíocht	Running
Ag dul go dtí an t-ionad aclaíochta	Going to the gym	Ag déanamh aclaíochta	Exercising

➤ Is duine _____ mé

- ✓ *Is duine cruthaitheach mé, is aoibhinn liom ag tarraingt agus ag péinteáil...*
- ✓ *Is duine ceolmhar mé, seinnim trí uirlis...*
- ✓ *Is duine spórtúil mé. Imrím go leor spórt agus is é _____ an spórt is fearr liom....*



Freagraí Samplacha

'Is duine cruthaitheach spórtúil mé agus mar sin, tá go leor caithimh aimsire agam. Is aoibhinn liom bheith **ag tarraingt** agus **ag péinteáil** agus nuair a fhaighim an **deis**, is é an rud is fearr liom ná tráthnóna a chaitheamh i mo shuí i mo sheomra leapa **ag tarraingt rachairc áille**. Nuair a bhí mé san idirbhliain, rinne mé modúl a dhírigh ar scileanna ealaíne agus péinteála. D'fhoghlaim mé go leor scileanna nua nach raibh **ar mo chumas** riamh agus bhain mé **an-taitneamh as snas** a chur ar mo scileanna ealaíne. Uaireanta sílim gur mhaith liom bheith i mo mhúinteoir ealaíne ach tá go leor spéiseanna éagsúla agam freisin.

Anuas air seo, is duine spórtúil mé agus imrím **go leor spórt**. **Anuraidh**, mar gheall **ar an bpaindéim**, ní raibh mé in ann mórán spóirt a imirt. Mar seo, bhí mé **ríméadach** nuair a fuair mé an **deis filleadh ar an bpáirc imeartha ag tús na bliana** seo. Is í **an pheil Ghaelach** an spóirt is fearr liom ach imrím **cispheil** agus **leadóg** freisin. Taitníonn an leadóg le mo mháthair, ach is fearr le m'athair an chispheil. Mar seo, bhí mé i gcónaí **idir dhá chomhairle** faoin spóirt ceart dom agus mé **ag fás aníos** mar chuir an bheirt acu **brú** orm chun **an spóirt ab fhearr leo** a roghnú. **D'éirigh sé ní ba chasta** nuair a d'aithnigh mé **gurbh fhearr liom an pheil!** I mbliain, toisc nach bhfuil mórán ama agam agus mé ag ullmhú go dian dícheallach don Ardteist, níor imir mé mórán spóirt. Ach, tar éis na hArdteiste, is cinnte go bhfillfidh mé ar an spóirt. Tá mo dheartháir an-chosúil liomsa mar imrímid **na spóirt céanna**. → [Teaghlach]

NÓ

Ach, an bhliain seo, bhí orm díriú ar spóirt amháin mar ní raibh an méid céanna ama agam agus mé sa séú bliain.... → [Scoil]



‘Caithim mo chuid ama ag éisteacht le agus ag seinm ceoil. Seinnim seacht n-uirlis ach, leis an bhfírinne a rá, nuair a iarrtar orm iad a sheinm, sin scéal eile. Ní thaitníonn taispeántais liom ar chor ar bith ach is aoibhinn liom a bheith i mbun cleachtaidh i m’aonar. I mbliana, táim ag glacadh páirt i mbanna ceoil na scoile chun m’eagla a chloí. Seinnim roinnt téaduirlisí mar shampla an veidhlín agus is é an pianó an uirlis is fearr liom. Fuair mé grád a cúig anuraidh agus tá scrúdú agam an tseachtain roimh an gCáisc i gcomhair ghrád a ceathair sa teoiric. Má fhaighim é, b’aoibhinn liom roinnt múinteoireachta a dhéanamh an samhradh seo, roimh an ollscoil. Cinnte gurb é an ceol an t-ábhar is fearr liom agus ba mhaith liom é a dhéanamh san ollscoil an bhliain seo chugainn...’

Ar a bharr seo, is aoibhinn tumadóireacht. Agus mé ag fás aníos, chuaigh mé agus mo theaghlach ag snámh ar an trá áitiúil gach deireadh seachtaine. Taitníonn an t-uisce linn go léir agus is daoine aclaí muid uilig... → [Teaghlach]

Nuair a bhí mé deich mbliana d’aois, chuaigh mé ag tumadóireacht le m’athair don chéad uair riamh. Bhain mé an-sult as agus anois téimid ag tumadóireacht aon uair is féidir linn. Is ball den chlub tumadóireachta áitiúil mé agus téimid amach ag traenáil san inbhear áitiúil go minic, agus amach ar na báid ar an bhfarraige pé uair is féidir linn. Nuair a bhí mé sa cheathrú bliain, rinneamar cúrsa tarrthála sa scoil agus bhí mé in ann na daltaí eile a mhúineadh mar bhí cur amach agam ar an gcóras agus na rialacha a leantar ón traenáil a dhéanaimid sa chlub tumadóireachta le cinntiú go bhfuilimid slán sábháilte. Rinne mé go leor cúrsaí spéisiúla eile san idirbhliain... → [Idirbhliain]

